



**Bileog 9.1****An Corp: Dul Siar**

Féach ar an phictiúr thíos den chorp a chonaic tú i dTopaic 8. An cuimhin leat féin nó an duine in aice leat móran de na baill choirp? Scríobhaigí ar an léaráid iad.



**Bileog 9.2****An Aghaidh****Cuid A**

*Roghnaigh an focal ceart ón chiorcal ar dheis a dhéanann cur síos ar an bpíosa cui den aghaidh seo thíos.*



*An féidir leat smaoineamh ar fhocal ar bith eile?*

**Cuid B**

*Mar is eol duit tá focail éagsúla ag na canúintí éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar an rud céanna. Cén chanúint lena mbaineann na focail thíos? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat. Cuir na focail éagsúla isteach sna colúin chearta thíos.*

|          |           |         |
|----------|-----------|---------|
| gaosán   | srón      | caincín |
| béal     | gob       | pluic   |
| pluca    | leicne    |         |
| scornach | sceadamán |         |

|                    |  |
|--------------------|--|
| Canúint na Mumhan  |  |
| Canúint Chonnachta |  |
| Canúint Uladh      |  |

**Bileog 9.3***orm, ort . . .***Cuid A**

*Baintear úsáid as forainmneacha réamhfhoclacha nuair a dhéantar cur síos ar dhaoine. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí cad is brí leis an téarma ‘forainm réamhfhoclach’.*

Forainmréamhfhoclach**Cuid B**

*Cuir na forainmneacha réamhfhoclacha seo san ord ceart.*

|        |       |
|--------|-------|
| air    | _____ |
| orainn | _____ |
| orm    | _____ |
| oraibh | _____ |
| orthu  | _____ |
| ort    | _____ |
| uirthi | _____ |

|        |       |
|--------|-------|
| againn | _____ |
| aici   | _____ |
| agam   | _____ |
| acu    | _____ |
| agat   | _____ |
| aige   | _____ |
| agaibh | _____ |

**Cuid C**

*Tá dhá fhocal mar chuid den fhocal ‘orm’ - cad iad?*

orm = \_\_\_\_\_ + \_\_\_\_\_

*Féach i leabhar gramadaí nó ar an idirlíon leis na forainmneacha réamhfhoclacha seo thíos a fháil sna pearsana eile.*

liom \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_

fím \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_  
 \_\_\_\_\_

**Bileog 9.4      *orm, ort . . . ar lean.*****Cuid A**

*Beidh tú ag éisteacht le habairtí éagsúla ar an téip a bhaineann úsáid as forainmneacha réamhfhoclacha. Ach ar dtús bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaígí an focal ceart leis na bearnaí sna habairtí thíos a líonadh. Ansin éistigí leis an téip le feiceáil an raibh an ceart agaibh.*

1. Is maith (orm/liom/agam) \_\_\_\_\_ caife a ól.
2. Tá sé deas bualadh (agat/ort/leat) \_\_\_\_\_.
3. An bhfuil tinneas cinn (faoi/leis/air) \_\_\_\_\_?
4. Tá beirt deartháireacha (fúm/agam/orm) \_\_\_\_\_.
5. Slán (ort/fút/leat) \_\_\_\_\_.
6. Is fuath (uirthi/aici/léi) \_\_\_\_\_ peil.
7. An bhfuil airgead ar bith (faoi/air/aige) \_\_\_\_\_?
8. Ar mhaith (ort/leat/agat) \_\_\_\_\_ gloine fíona?
9. Tá súile gorma (léi/aici/uirthi) \_\_\_\_\_?
10. Tá gruaig dhubh (air/aige/faoi) \_\_\_\_\_.

**Cuid B**

*Féach ar uimhir 9 agus 10 faoi Chuid A arís. Cén fáth a bhfuil siad difriúil? Pléigh an scéal leis an duine in aice leat agus ansin déanaigí cur síos ar na daoine seo thíos.*



(gruaig dhonn, súile glasa) \_\_\_\_\_



(gruaig dhonn, súile gorma) \_\_\_\_\_



(gruaig dhubh, súile donna) \_\_\_\_\_



(gruaig fhionn, súile gorma) \_\_\_\_\_

**Bileog 9.5****Cén chuma atá air?****Cuid A**

Féach ar an liosta seo d'aidiachaí a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar dhaoine. An féidir leat na focail sa liosta a chur isteach sna colúin chuí sa bhosca thíos? Cé acu de na focail a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar ghruaig duine?

dubh, tanaí, glas, fionn, ramhar, téagartha, dathúil, ard, rua, breicneach, dorcha, beag, fada, gairid, bán, gránna, díreach, liath, catach.

| A – Cinnte<br>(Tá tú cinnte cad is brí leo) | B – Idir eatarthu<br>(Is féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí) | C – Éiginnte<br>(Níl a fhios agat cad is brí leo) |
|---|---|---|
|   |   |   |

Anois labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na focail chéanna ar eolas agaibh. An féidir libh smaoineamh ar fhrása ar bith eile le cur síos ar thréithe fisiciúla daoine?

**Cuid B**

Scríobh na focail/frásáí a dhéanann cur síos ar na daoine cáiliúla seo:




---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---

**Cuid C**

Anois scríobh na focail/frásáí is fearr a chuireann síos ortsa. Cad a scríobh an duine in aice leat?


---



---

**Bileog 9.6****Cén chuma atá air? ar lean.****Cuid A**

*Léigh an sliocht seo os ard leis an duine in aice leat agus pléigí brí an phíosa le chéile.*

**Ag ól caife**

Tá páistí Jan ag teacht go hÉirinn i gceann seachtaíne agus tá suim mhór ag Máire iontu. Cuireann sí ceist ar Jan cén chuma atá orthu. Tá Jan thar a bheith sásta cur síos a dhéanamh orthu. Tá siad ina gcónaí sa Ghearmáin lena máthair agus cronaíonn Jan go mór iad.

**Cuid B**

*Éist leis an chomhrá ar an téip faoi pháistí Jan agus scríobh an t-eolas a chloiseann tú sna colúin chuí sa bhosca thíos*

| Ainm | Súile | Gruaig | Eolas eile |
|------|-------|--------|------------|
|      |       |        |            |
|      |       |        |            |
|      |       |        |            |

*Scríobh abairtí iomlánaanois a dhéanann cur síos ar pháistí Jan. Faigh cabhair ón duine in aice leat. Tugaigí faoi deara ord na bhfocal.*

---



---



---



---

**Cuid C**

*Anois siúil timpeall an ranga agus ceistigh daoine eile faoin chuma atá orthu agus abair leo cén chuma atá ort féin. Mar shampla:*

Tá gruaig chatach dhonn orm agus súile glasa agam.

**Bileog 9.7****An tAinmfhocal agus An Aidiacht****Cuid A**

*Féach ar an abairt seo arís. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘donn’ agus a ag deireadh an fhocail ‘glas’. Pléigh an scéal leis an duine in aice leat.*

Tá gruaig chatach dhonn orm agus síile glasa agam.

*Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:*

1. *An bhfuil an focal gruaig baininscneach nó firinscneach?* \_\_\_\_\_
2. *An bhfuil an focal síile san uimhir uatha nó iolra?* \_\_\_\_\_

**Cuid B**

*Roghnaigh an fhoirm cheart den aidiacht le cur sna bearnaí sna habairtí thíos.*

*Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na freagraí céanna agaibh. Éist leis an téip ansin leis na freagraí a sheiceáil.*

1. Tá gruaig (fhada/fada) \_\_\_\_\_ air.
2. Is bean (mhór/mór/móra) \_\_\_\_\_ í.
3. Is é Paddy m’fhear (chéile/céile) \_\_\_\_\_.
4. Tá síile (gorma/gorm/ghorm) \_\_\_\_\_ aici.
5. Tá deirfiúracha (ard/arda) \_\_\_\_\_ ag Áine.
6. Tá gruaig (chatach/catach/catacha) \_\_\_\_\_ orm.
7. Is fear (ghráンna/gráнna) \_\_\_\_\_ é.
8. Tá gruaig (ghearr/gearr/gearra) \_\_\_\_\_ orm.
9. Tá na cailíní (bheag/beag/beaga) \_\_\_\_\_ anseo.
10. Tá bróga (dhubh/dubh/dubha) \_\_\_\_\_ air.

**Cuid C**

*Déan cur síos don duine in aice leat ar do chuid páistí féin nó ar do theaghlaich. Féach ar na samplaí seo:*

Tá gruaig dhubh ar Mháire agus síile donna aici.

Tá Seán ard agus tanaí.

Tá gruaig ghairid ar Phól agus tá sé ard.

## Bileog 9.8 An tAinmfhocal agus An Aidiacht ar lean.

## Cuid A

*Aimsigh inscne na bhfocal seo thíos. Mura bhfuil tú cinnte féach san fhoclóir.*

|         |           |
|---------|-----------|
| duine   | fear      |
| máthair | déagóir   |
| bean    | buachaill |
| leanbh  | cailín    |

## Cuid B

*Féachanois ar na haidiachtaí seo. Pléigh brí na n-aidiachtaí leis an duine in aice leat. An féidir libh smaoineamh ar aidiacht ar bith eile a dhéanann cur síos ar dhuine?*

|          |            |               |
|----------|------------|---------------|
| cineálta | cairdiúil  | láth          |
| deas     | uasal      | drochbhéasach |
| sotalach | breá       | leamh         |
| cliste   | flaithiúil | greamhmar     |

Cuid C

*Roghnaigh aidiacht ó Chuid B a dhéanann cur síos ar na hainmfhocail faoi Chuid A agus a léiríonn daoine a bhfuil aithne agat orthu. Mar shampla:*

Is leanbh cliste é mo mhac.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

*Léigh do chuid abairtí don duine in aice leat anois agus éist leis na habairtí a scríobh sé/sí féin.*

## Bileog 9.9 Agallamh na Seachtaine



### Cuid A

*Éist le Sinéad ag cur agallaimh ar Eimear Ní Fhearraigh faoi na daoine cáiliúla a gcasann sí leo mar chuid dá cuid oibre agus déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.*

1. Cén chuma atá ar John Cusack?

---

2. Cén cineál duine é?


---

3. Cad é atá le rá ag Eimear faoi Mhary Robinson?

---

### Cuid B

*Labhair leis an duine in aice leat agus déan plé ar na tuairimí atá agaibh féin faoi John Cusack agus Mary Robinson. Cuir focal ar bith nach raibh agaibh i nGaeilge, agus sibh ag caint, sa réalt thíos.*



### Cuid C

*Smaoinigh ar an duine is suimiúla a casadh ort agus déan cur síos air/uirthi. Inis don duine in aice leat faoi/fúithi. Féach ar na habairtí seo le tú a chur leis an chomhrá:*

Bhuail mé le \_\_\_\_\_ i bpáras nuair a bhí mé fiche bliain d'aois. Is fear an-suimiúil é...

**Bileog 9.10****Cén cineál duine é/í?****Cuid A**

*Scriobh cúpla abairt faoi na daoine cáiliúla seo thíos – labhair faoin chuma atá orthu agus faoi cén cineál daoine iad.*

Barack Obama



Taylor Swift



Scarlett Johansson



Hillary Clinton



George Clooney



**Cuid B**

*Déan plé leis an duine in aice leat faoi cén cineál daoine iad na daoine thuas. An raibh na tuairimí céanna agaibh?*

**Bileog 9.11****Duine A****Cuid A**

*Is é an duine sa phictiúr an duine a bhfuil tú ag siúl amach leis. Scríobh an oiread agus is féidir faoin chuma atá air agus faoi céin cineál duine é. Déan cur síos chomh maith ar cad é a dhéanann sibh nuair a bhíonn am saor agaibh.*



|  |
|--|
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |

**Cuid B**

*Labhair leis an duine in aice leat anois le heolas a fháil faoin duine a bhfuil seisean ag siúl amach léi. Tá pictiúr difriúil aige. Féach ar na ceisteanna agus na freagraí thíos. Breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú sa bhosca.*

Cén áit ar bhualt tú leis/léi?

Bhuail mé leis in Éirinn.

Cé as é/í?

Ón Fhrainc.

Cén chuma atá air/uirthi?

Tá sé dorcha agus dathúil.

Cén cineál duine é/í?

Is fear an-chineálta é.

Cén fhad atá sibh ag siúl amach?

Le mí anois.

|  |
|--|
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |

**Bileog 9.12****Duine B****Cuid A**

*Is í an duine sa phictiúr an duine a bhfuil tú ag siúl amach léi. Scríobh an oiread agus is féidir faoin chuma atá uirthi agus faoi céin cineál duine í. Déan cur síos chomh maith ar cad é a dhéanann sibh nuair a bhíonn am saor agaibh.*



|  |
|--|
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |

**Cuid B**

*Labhair leis an duine in aice leatanois le heolas a fháil faoin duine a bhfuil sise ag siúl amach leis. Tá pictiúr difriúil aici. Féach ar na ceisteanna agus na freagraí thíos. Breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú sa bhosca.*

Cén áit ar bhualt tú leis/léi?

Bhuail mé léi ar an trá.

Cé as é/í?

As Éirinn.

Cén chuma atá air/uirthi?

Tá sí tanaí agus dathúil.

Cén cineál duine é/í?

Is bean lách í.

Cén fhad atá sibh ag siúl amach?

Le bliain anois.

|  |
|--|
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |
|  |

**Bileog 9.13****Laochra na hÉireann****Cuid A**

*Féach fein agus an duine in aice leat ar na pictiúir thíos de laochra miotaseolaíochta na hÉireann. Déanaigí cur síos orthu. An bhfuil a fhios agaibh cé hiad? Féachraigí sa bhosca ar dheis chun cabhrú libh. An bhfuil eolas ar bith agaibh faoi laochra móra miotaseolaíochta na hÉireann?*



1.



2.



3.



4.



5.

Gráinne  
Naoise agus Deirdre  
Fionn Mac Cumhaill  
Niamh Chinn Óir  
Niamh agus Oisín

**Cuid B**

*Anois déanaigí plé ar an chuma atá ar ghnáthdhuiine Éireannach. An bhfuil an chuma chéanna ar mhuintir na hÉireann anois is a bhí ar na laochra seo? Déanaigí cur síos ar laochra na hÉireann inniu. Mar shampla:*

**Rónán Ó Gara:**

Tá gruaig dhonn air agus tá súile gorma aige. Tá sé ard agus dathúil!